Gaeilge

Abhantrach Bhearna Chnoc na Cathrach

*Feabhra 2024*
*Eagrán a 5*

## SCOLÁIREACHT GAELTACHTA DO DHÉAGÓIRÍ

Tá áthas orainn a fhógairt go bhfuil dhá pháirtscoláireacht againn i mbliana le bronnadh ar bheirt dhéagóirí do chúrsaí Gaeltachta a bheas ar siúl i rith an tsamhraidh i 2024. Dé hAoine 23 Feabhra an spriocdháta do na hiarratais seo. Cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil agus chun iarratas a dhéanamh ar an scoláireacht.




## *GAELTACHT SCHOLARSHIPS FOR TEENAGERS*

We are pleased to announce that this year we have two partial scholarships to be awarded to two teenagers for Gaeltacht courses that will take place during the summer of 2024. The deadline for applications is Friday 23rd February. For more information and to apply for the scholarship, click here.

**Déan Iarratas Anseo**
**Apply Here**

## SCOLÁIREACHT GAELTACHTA DO DHAOINE FÁSTA

Tá ocht bpáirtscoláireacht againn chomh maith le bronnadh ar ochtar daoine fásta do chúrsaí Gaeltachta a bheas ar siúl i 2024. Dé hAoine 23 Feabhra an spriocdháta do na hiarratais seo. Cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil agus chun iarratas a dhéanamh ar an scoláireacht.




## *GAELTACHT SCHOLARSHIPS FOR ADULTS*

We also have eight partial scholarships to be awarded to eight adults for Gaeltacht courses that will take place during 2024. The deadline for applications is Friday 23rd February. For more information and to apply for the scholarship, click here.

**Déan Iarratas Anseo**
**Apply Here**

## RANGANNA AIREACHAIS I MBEARNA

Cuirfear tús le cúrsa 4 seachtaine de ranganna aireachais Déardaoin 1 Feabhra ag a 19.00. Beidh na ranganna seo á múineadh ag Katie McGreal i Scoil Shéamais Naofa, Bearna. Beidh na ranganna á reáchtáil go dátheangach mar sin tá siad feiliúnach d'fhoghlaimeoirí Gaeilge. Tá costas €40 ar an gcúrsa 4 seachtaine ach tá lascaine ar fáil, urraithe ag Gaeilge ABC, má chuireann tú an rang in áirithe trí Ghaeilge. Is féidir tuilleadh eolais a fháil nó an rang a chur in áirithe anseo.

## *MINDFULNESS CLASSES IN BARNA*

A 4 week course of mindfulness classes will begin on Thursday 1st February at 19.00. These classes will be taught by Katie McGreal at Scoil Shéamais Naofa, Bearna. The classes will be held bilingually so they are suitable for Irish learners. The 4 week course costs €40 but a discount is available, sponsored by Gaeilge ABC, if you book the class through Irish. You can find more information or book the class here.

## SUÍ 'S SPRAOI

Tá tús á chur le grúpa nua a bheas dírithe ar thuismitheoirí agus a gcuid páistí. Buailfidh an grúpa le chéile chuile Chéadaoin i Súil Eile Space i mBearna ag 11.30. Is deis iontach a bheas anseo chun bualadh le tuismitheoirí eile atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge agus is deis a bheas ann do na páistí bualadh le cairde nua! Beidh an chéad cheann ar siúl Dé Céadaoin 21 Feabhra 2024 agus is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hElaine ag 083 2055378.

There is a new group starting in Barna for parents and their children. The group will meet every Wednesday in Súil Eile Space in Barna at 11.30. This will be a great opportunity to meet other parents who are raising their children with Irish and it's a great opportunity for the children to make new friends! The first meeting will take place on Wednesday 21st February 2024. For more information, please contact Elaine on 083 2055378.



## SEISIÚN CEOIL

Beidh seisiún ceoil oscailte ar siúl i Súil Eile Space i mBearna i rith am lóin, Dé Domhnaigh 18 Feabhra. Buail isteach idir 13.00 agus 14.00 chun cúpla port a sheinm, amhrán a chanadh, nó chun cupán caife a fháil agus éisteacht leis an gceol.

## *MUSIC SESSION*

An open music session will take place in Súil Eile Space in Barna during lunchtime, on Sunday 18th February. Pop in between 13.00 and 14.00 to play a few tunes, sing a song, or grab a cup of coffee and listen to the music!




## CLYBAUN HOTEL

Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile chuile mhaidin Dé hAoine in Óstán an Chlaí Bháin. Tabhair faoi deara go bhfuil an t-am don chiorcal comhrá seo athraithe agus go mbíonn siad ag bualadh lena chéile ag a 11.00 anois. Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!




A conversation circle meets every Friday morning in the Clybaun Hotel. Please note that the time for this conversation circle has changed, and they now meet at 11.00. Everyone is very welcome, regardless of your level of Irish!

## SÚIL EILE SPACE, BEARNA

Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile an **Déardaoin deireanach de chuile mhí ag a 11.00** i Súil Eile Space, Bearna. Beidh an chéad cheann eile ar siúl **Déardaoin 29 Feabhra.** Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!

A conversation circle meets in Súil Eile Space in Barna **at 11.00 on the last Thursday of every month**. The next conversation circle will take place **Thursday 29th February.** Everyone is welcome, whatever your level of Irish!




## BIA BEARNA

Tá tús á chur le ciorcal comhrá nua, a bheas ag bualadh lena chéile ar an **gcéad Chéadaoin de chuile mhí ag a 17.00** i **Bia Bearna**. Beidh an chéad cheann ar siúl **Dé Céadaoin 07 Feabhra.** Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!




A new conversation circle is starting, which will meet on the **first Wednesday of every month at 17.00 in Bia Bearna**. The first one will take place on **Wednesday 07 February.** Everyone is very welcome, regardless of your level of Irish!